Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12794/25**

**PROBA 35**
**AGRI 415**
**WTO 77**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 481 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 481 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 481 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2025
COM(2025) 481 final

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 a leasú**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN MHOLTA

Baineann an moladh seo le cinneadh chun a údarú tús a chur leis an gcaibidlíocht i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('CIO'), agus in aon chomhlacht *ad hoc* a d'fhéadfadh IOC a bhunú chun na críche sin, agus chun treoracha caibidlíochta a bhunú don Aontas i ndáil leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú'), a athnuadh in 2017.

## 2. COMHTHÉACS AN MHOLTA

### 2.1 An Comhaontú atá ann faoi láthair

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú atá ann faoi láthair (i) aonfhoirmeacht a bhaint amach sa reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le saintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha olaí olóige, olaí probhaite ológ agus ológa boird chun aon bhacainn trádála a chosc (ii) tabhairt faoi ghníomhaíochtaí i réimse na tástála fisiciceimicí agus orgánaileiptí chun cur leis an eolas maidir le comhdhéanamh agus saintréithe cáilíochta táirgí ológa, d'fhonn na caighdeáin idirnáisiúnta a chomhdhlúthú, agus (iii) ról CIO a neartú mar fhóram barr feabhais don chomhphobal eolaíoch idirnáisiúnta i réimse na n-ológ agus na hola ológa.

Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sa Chomhaontú[1].

### 2.2 Comhairle na gComhaltaí

Is í Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') an t-údarás agus an comhlacht cinnteoireachta is airde de chuid CIO agus déanfaidh sí na cumhachtaí agus na feidhmithe sin uile is gá a fheidhmiú chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach. Mar pháirtí sa Chomhaontú, is comhalta de CIO é an tAontas Eorpach agus déantar ionadaíocht thar a cheann i gComhairle na gComhaltaí. De bhun Airteagal 19(2) den Chomhaontú, féadfaidh Comhairle na gComhaltaí cinntí a dhéanamh lena leasaítear an Comhaontú. I gcomhréir le hAirteagal 10(3) den Chomhaontú, is de chomhthoil a dhéanfaidh Comhairle na gComhaltaí cinntí maidir le haon leasú ar an gComhaontú.

### 2.3 Na leasuithe atá beartaithe

Le linn an 120ú cruinniú a bhí ag Comhairle na gComhaltaí, an 20 Samhain 2024, chinn sí meitheal a chruthú chun leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gComhaontú a phlé. Thíolaic an Iaráin agus an Túinéis an togra sin ar dtús agus bhain sé le hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Airteagail 11 agus 32 den Chomhaontú. Tar éis dul i gcomhairle leis an Meitheal um Thráchtearraí (PROBA), mhol toscaireacht an Aontais Eorpaigh go n-áireofaí sa phlé sin gnéithe eile a bheadh le hathbhreithniú, a bhaineann le hAirteagail 1, 2, 7, 16 agus 17 den Chomhaontú.

---

1 Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2) agus Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

Tagraítear in Airteagal 1 den Chomhaontú dá chuspóirí ginearálta, i ndáil le caighdeánú agus taighde, i ndáil le fás ológ agus comhar teicniúil agus i ndáil le táirgí olóige a chur chun cinn, scaipeadh faisnéise agus geilleagar na n-ológ.

Le Airteagal 2 den Chomhaontú, áirítear na sainmhínithe chun críocha an Chomhaontaithe.

Le hAirteagal 7 den Chomhaontú, sainítear cumhachtaí agus feidhmeanna na n-orgán éagsúil in CIO, go háirithe le haghaidh Chomhairle na gComhaltaí agus Rúnaíocht Feidhmiúcháin CIO.

In Airteagal 11 den Chomhaontú, tagraítear do na sciartha rannpháirtíochta in CIO, agus dá mhodh ríofa, lena gcinntear ranníocaíocht an Chomhalta freisin.

In Airteagal 16, tagraítear do ranníocaíochtaí a íoc, cearta vótála a chur ar fionraí, eisiamh ón gComhaontú agus oibleagáidí airgeadais a athsceidealú.

In Airteagal 17, tagraítear do rialuithe airgeadais CIO.

Le hAirteagal 32 den Chomhaontú, bunaítear an próiseas leasaithe a ghníomhaíonn trí Chomhairle na gComhaltaí, lena n-áirítear fógra a thabhairt do thaiscí an Chomhaontaithe go nglacann gach comhalta leis sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Tá sé chun leas an Aontais CIO a athchóiriú chun é a ailíniú a thuilleadh leis na cleachtais a chothaíonn an tAontas i gcomhlachtaí idirnáisiúnta tráchtearraí eile agus le forbairtí i margadh domhanda na hola olóige. Ar a laghad ar bith, ba cheart córas sceidealaithe feabhsaithe maidir le ranníocaíochtaí airgeadais na gComhaltaí a bheith mar thoradh ar an athchóiriú sin, chomh maith le nós imeachta daingniúcháin níos simplí le haghaidh leasuithe ar an gComhaontú. Leis an athchóiriú, ba cheart cuspóirí CIO a thabhairt cothrom le dáta freisin i gcomhréir le réaltacht earnáil na n-ológ. Tá sé beartaithe tuilleadh mionfheabhsuithe a dhéanamh ar an gComhaontú freisin.

Leis an gcinneadh atá beartaithe, ceadaítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht maidir le leasú an Chomhaontaithe agus dul i dteagmháil le comhaltaí eile i gcás ina mbeidís ar thús cadhnaíochta maidir le tograí athchóirithe.

# 3. BUNÚS DLÍ

## 3.1 Bunús dlí don nós imeachta

### *3.1.1. Prionsabail*

Foráiltear le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus, ag brath ar ábhar an chomhaontaithe atá beartaithe, idirbheartaí an Aontais nó ceann fhoireann chaibidlíochta an Aontais a ainmniú.

Le hAirteagal 218(4) CFAE, foráiltear go bhféadfadh an Chomhairle 'treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú nach foláir an chaibidlíocht a sheoladh i gcomhairle leis'.

### *3.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Ós rud é gurb é is aidhm don mholadh seo Cinneadh ón gComhairle a údarú chun tús a chur leis an gcaibidlíocht i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg, is iad

Airteagal 218(3) agus 218(4) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe. Is é Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach, i bhfianaise raon feidhme cothrománach na leasuithe atá beartaithe ar an gcomhaontú a bhaineann le caighdeánú i ndáil le saothrú ológ agus comhar teicniúil agus i ndáil le cur chun cinn táirgí olóige, scaipeadh faisnéise agus geilleagar na n-ológ, agus a síníodh agus a tugadh i gcrích ar an mbonn sin.

### 3.2 An rogha ionstraime

Foráiltear le hAirteagal 218(3) CFAE go gcuirfidh an Coimisiún nó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála moltaí faoi bhráid na Comhairle, a ghlacfaidh cinneadh lena n-údarófar tús a chur le caibidlíocht. I bhfianaise ábhar an chomhaontaithe atá beartaithe, is faoin gCoimisiún atá sé togra a thíolacadh chuige sin.

### 3.3 Rogha an idirbheartaí

Ós rud é go gcumhdaítear go heisiach ábhair eile seachas an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála leis an gcomhaontú atá beartaithe, ní mór an Coimisiún a ainmniú mar an t-idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas ina Pháirtí sa Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú')[1].

(2) Is chun leas an Aontais é páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht atá le teacht a thionólfar i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015, i bhfianaise a thábhachtaí atá an earnáil sin le haghaidh gheilleagar an Aontais. Ba cheart creat institiúideach an Chomhaontaithe a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe a mhéid a bhaineann le cuid dá chuspóirí, leis an nós imeachta chun ranníocaíochtaí na gComhaltaí a shocrú agus leis an nós imeachta chun leasuithe ar an gComhaontú a ghlacadh.

(3) De bhun Airteagal 32 den Chomhaontú, tá Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') le cinntí a ghlacadh lena modhnófar an Comhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo don Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht ar leasuithe ar an gComhaontú maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015.

*Airteagal 2*

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Déanfar an chaibidlíocht i ndlúthchomhar leis an Meitheal um Thráchtearraí (PROBA), a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE.

---

[1] Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/848/oj).

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*